# Beartas Fáilteachais & Bronntanais

## 1 CUSPÓIR

Is féidir leis an mBord Oideachais agus Oiliúna Lú & na Mí buntáistí móra a bhaint as soláthar fáilteachais agus i gcásanna áirithe tá an fáilteachas seo oiriúnach agus tá gá leis. I gcomhréir leis an gcleachtas is fearr, féachann an BOOLM leis na costais riachtanacha seo a bhainistiú ar bhealach oscailte agus trédhearcach chun luach ar airgead a chinntiú agus chun úsáid cistí poiblí a chosaint. Mar sin, is é cuspóir an bheartais seo ná:

- Leanúnachas agus trédhearcacht maidir le caiteachas ar Fháilteachas a chinntiú.
- Oiriúnacht ó thaobh soláthar Fáilteachais de a chinntiú.
- An t-éilitheoir agus an duine údaraithe a threorú agus a chosaint trí phrionsabail leathana agus cód iompair níos mionsonraithe a sholáthar.

## 2 SCÓIP

Baineann beartas agus nósanna imeachta Fáilteachais & Bronntanais (F&B) le gach duine aonair, lena n-áirítear fostaithe, mic léinn, conraitheoirí agus cuairteoirí a sholáthraíonn fáilteachas thar ceann an BOO in Éirinn nó thar lear agus a bhfuil aisíocaíocht á lorg acu ón BOOLM beag beann ar an bhfoinse cistiúcháin (croílár, féinmhaoiniú, srl.).

Áirítear treoirlínte ar bhronntanais/ chomharthaí buíochais chomh maith.

Ní áirítear tinreamh Comhaltaí agus/nó tinreamh Oifigeach ag ócáidí a bhaineann le cúrsaí oiliúna nó comhdhálacha. Tá caiteachas ag imeachtaí dá leithéid faoi réir formheasa Ghnáthrátaí Taistil agus Cothaithe de chuid an Bhoird/de chuid na Roinne Oideachais agus Eolaíochta i mbeartas Taistil ar leith.

Cuimsítear an glacadh bronntanais i gCód Iompair an BOO.

## 3 SAINMHÍNITHE

Chun críocha an bheartais seo, tagraíonn Fáilteachas do **bhéilí, deochanna, sólaistí beaga agus siamsaíocht d'aon chineál a chuireann an BOO Lú agus na Mí ar fáil as cistí poiblí.** <u>Ní</u> mheastar go dtagann na míreanna seo a leanas faoin sainmhíniú ar Fháilteachas:

- Béilí agus/nó sólaistí a thairgtear mar chuid lárnach de chruinniú foirmiúil Boird, coiste nó foirne nó imeacht oiliúna
- Sólaistí a chuirtear ar fáil mar chúirtéis sóisialta do
    - Chomhaltaí Boird roimh nó tar éis cruinniú BOO
    - chomhaltaí de bhoird agallaimh/roghnúcháin a le linn a lá oibre
    - rannpháirtithe agus aíonna ag searmanais bhronnta gradam/duaiseanna
    - chuairteoirí oifigiúla ar oifigí/scoileanna/ionaid an BOO.

# 4 FREAGRACHTAÍ ÉILITHEOIRÍ AGUS CEADAITHEOIRÍ

## 4.1 FREAGRACHTAÍ ÉILITHEOIRÍ

Tá gach ionadaí de chuid an BOO freagrach as é/í féin a iompar go réasúnta agus é/í ag óstáil ar son BOO Lú agus na Mí. Ní mór d'fhostaithe, do mhic léinn agus do chuairteoirí a bheith cúramach i gcónaí lena chinntiú nach bhféadfaí an BOO a cheistiú nó a cháineadh mar thoradh ar a n-iompar. Níor cheart go mbeadh caiteachas ar Fháilteachas & Bronntanais iomarcach agus ní mór dó seasamh in aghaidh grinnscrúdú poiblí i gcónaí.

## 4.2 FREAGRACHTAÍ CEADAITHEOIRÍ


Tá an Príomhfheidhmeannach agus an Fhoireann Bainistíochta Sinsearaí freagrach as a chinntiú go gcomhlíontar an beartas um Fháilteachas agus Bhronntanais, as gach éileamh ar chostais fáilteachais óna gceantar a húdarú agus as a bheith sásta leis an ngá a bhaineann le caiteachas F&B. Caithfidh na hadmhálacha go léir a bheith ceangailte leis an éileamh costais.

Tá sé tábhachtach go bhfuil an ceadaitheoir in ann é/í féin agus daoine eile a shásamh go raibh an méid fáilteachais a cuireadh ar fáil oiriúnach agus nach raibh sé iomarcach. Caithfidh an ceadaitheoir caiteachas F&B ar bith os cionn **€100** a cheadú roimh ré. Is faoi gach ceadaitheoir atá sé, más mian leo tairseach réamhcheadaithe níos ísle a shocrú laistigh dá réimse freagrachta.

Caithfidh an Príomhfheidhmeannach cead ó chomhaltaí na Foirne Bainistíochta Sinsearaí a fháil ar gach caiteachas a dhéantar ar Fháilteachas.

# 5 TREOIRLÍNTE

Tá caiteachas ar fháilteachas corparáideach agus imeachtaí faoi réir cuntasachta ar ardchaighdeán agus ní mór dó caighdeáin iompair iomchuí fhostaithe na hearnála poiblí a chur chun cinn. Is iad treoirphrionsabail do Chomhaltaí agus d'Oifigigh chun cuidiú le cinnteoireacht agus iad ag pleanáil, ag ceadú agus ag íoc as costais dá leithéid ná:




- Caithfidh an caiteachas a bheith le haghaidh gnó amháin. Ní mór go mbeadh tairbhe shoiléir ann do ghníomhaíochtaí gnó an Bhoird agus don Stát.
- Caithfidh an caiteachas a bheith críonna, a bheith in ann luach ar airgead a léiriú, agus nuair is gá, próiseas soláthair a úsáid.
- Caithfidh doiciméadú caiteachais a bheith ar fáil le haghaidh anailíse ag iniúchadh inmheánach agus seachtrach.

- Aithnítear, áfach, gur minic go mbíonn an costas tinrimh ar ócáidí a eagraíonn tríú páirtithe socraithe in aghaidh an duine nó in aghaidh an ticéid. Glacann BOO Lú agus na Mí leis go bhféadfadh cúinsí a bheith lasmuigh de smacht an fhostaí i gcásanna mar sin.
- Ní mór admhálacha a chur isteach.

### 5.1 GNÓ BOO

- Ba cheart d'fhostaithe BOO tagairt a dhéanamh do bheartas taistil an BOO maidir le costais tacsaí agus taistil a thabhaítear le linn obair an BOO.

### 5.2 ITHEACHÁN

- Moltar go láidir d'fhostaithe imeachtaí sóisialta a reáchtáil i réadmhaoin BOO Lú agus na Mí. Moltar go smaoinítear ar áiseanna inmheánacha comhdhála agus bia mar chéad rogha chun fáilte a chur roimh aíonna, go háirithe nuair atá an líon daoine measartha beag.
- Seachas sin, ba cheart béilí a chur ar fáil sa bhialann is oiriúnaí ó thaobh praghas agus ócáid de, agus, má tá sé ar fáil, moltar biachlár socraithe nó biachlár a bhfuil roghchlár seasta nó teoranta ar phraghas socraithe a roghnú.
- Nuair a bhíonn aíonna BOO á n-óstáil agus nuair atá gá le Fáilteachas, ba cheart go gcoinnítear líon na n-ionadaithe BOO Lú agus na Mí chomh híseal agus is féidir.
- Ní dhéanfar aisíoc ar admhálacha do dhaoine a itheann ina n-aonar ach amháin más cuid de thuras oibre dlisteanach iad.
- Ní thugann admhálacha Cártaí Creidmheasa amháin fianaise iniúchóireachta leordhóthanach chun glacadh leis an gcaiteachas a tabhaíodh. Ní mór admháil ó scipéad a sholáthar. Caithfidh gach ionad Fáilteachais admhálacha a chur ar fáil.
- Má ghearrtar béile ar bhaill foirne/chomhalta boird i gcoinne speansais chorparáideacha oifigiúla, níl an t-ionadaí sin i dteideal liúntas cothaithe a éileamh.

### 5.3 ALCÓL

- Go ginearálta, ní chuirtear alcól ar fáil ag ócáidí an BOO. Má tá gá le halcól i gcásanna áirithe, ní mór Ceadúnas an Phríomhfheidhmeannaigh a fháil roimh ré.
- Ba cheart discréid a léiriú agus alcól á cheannach ag feidhmeanna a bhaineann leis an BOO.
- Ba cheart go mbeadh deochanna neamh-mheisciúla ar fáil go forleathan nuair atá alcól ar fáil.
- Níor cheart go mbeadh alcól ar fáil ag aon cheann de réadmhaoin an BOO, nó ag réadmhaoin ar bith eile atá ar cíos nó in úsáid ag cláir an BOO seachas iad siúd atá in úsáid d'ócáidí ceadaithe.
- Ní chuirfear deochanna meisciúla ar fáil do dhaoine faoi bhun 18 mbliana ag ócáidí an BOO.

## 6 BRONNTANAIS AGUS CUIR I LÁTHAIR

Baineann na treoirlínte seo a leanas le cuir i láthair a dhéanamh agus bronntanais a bhronnadh ar son an BOO. Moltar bronntanais a bhfuil luach suas le €250 acu agus beidh réamhchead ón bPríomhfheidhmeannach nó óna (h)ainmní ag teastáil do bhronntanas ar bith a sháraíonn an tsuim sin. Baineann sé seo leis na cúinsí seo a leanas:

- Ceannach dearbhán bronntanais mar chomhartha buíochas d'aoichainteoir.

- Ceannach bronntanais do bhall foirne chun é/í a cheiliúradh agus é/í ag dul ar scor.
- Ceannach bronntanas comhartha le tabhairt do chomhaltaí an Bhoird atá ag dul as oifig nuair a théann téarma oifige cúig bliana an Bhoird in éag
- Tá gach bronntanas nó bronnadh eile a cheannaítear as cistí an BOO faoi réir réamhcheadú ón bPríomhfheidhmeannach/ón Stiúrthóir/ón bPríomhoide nó ó Bhainisteoir an Ionaid.
- Ní cheadaítear aisíocaíocht ó chistí an BOO ar bronnadh ar bith a ghlactar leis mar bhronnadh pearsanta do bhall foirne nó do chomhalta Boird ar leith.

Cuimsítear an glacadh bronntanais i gCód Iompair an BOO.

## 7 MÍREANNA EISCEACHTÚLA A BHFUIL GÁ LE RÉAMHCHEADÚ LEO

D'fhéadfadh cásanna eisceachtúla a tharla nuair is cuí fáilteachas thar ceann Bhord Oideachais agus Oiliúna Lú & na Mí a chur ar fáil ag an deireadh seachtaine nó le linn tréimhsí saoire. Ar mhaithe le trédhearcacht, caithfidh socruithe dá leithéid cead a fháil ón gceadaitheoir roimh ré.

Tá an t-eolas ar fad maidir le héileamh ar aisíocaíocht a phróiseáil ar fáil ón Roinn Airgeadais.

## 8 TUAIRISCEOIREACHT AGUS INIÚCHÓIREACHT

- Caithfear anailís cheart a dhéanamh ar gach F&B ar an bhfoirm éilimh ar aisíocaíocht agus caithfear an cód ceart a mhuirearú.
- Ní mór réamhchead a fháil ón bPríomhfheidhmeannach/Stiúrthóir/ Príomhoide/ Bainisteoir an Ionaid ar gach éileamh F&B mar is cuí.
- Ba cheart go mbeadh gach sonrasc maidir le soláthar F&B ceadaithe ag an bPríomhfheidhmeannach/Stiúrthóir/ bPríomhoide/ ag Bainisteoir an Ionaid sula gcuirfear faoi bhráid na gcreidiúnaithe é le haghaidh íocaíochta.
- Tá F&B faoi réir iniúchóireachta rialta ag aon cheann díobh seo a leanas: Iniúchóireacht Inmheánach, an tArd Reachtaire Cuntas agus Ciste (ARC&C), Iniúchóirí Chiste Sóisialta na hEorpa (CSTE), agus gníomhaireachtaí cistiúcháin seachtracha eile.
- Beidh an Príomhfheidhmeannach/Stiúrthóir/ Príomhoide/ Bainisteoir an Ionaid freagrach as éilimh F&B nach bhfuil i gcomhréir leis an mbeartas F&B a cheadú.

## 9 CUR I BHFEIDHM AGUS ATHBHREITHNIÚ

Déanfaidh an Fhoireann Bainistíochta Sinsearaí an beartas seo a athbhreithniú trí huaire in aghaidh na bliana i gcomhréir leis an gcleachtas is fearr nó i leith leasuithe sa reachtaíocht agus comhairle ó fhoinsí ar nós Iniúchóireacht Inmheánach, an ARC&C, an Roinn Oideachais agus Scileanna agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

| | |
|---|---|
| Uimhir Thagartha an Doiciméid | 34 |
| Uimhir Athbhreithnithe | 3 |
| Doiciméad arna rinneadh Athbhreithniú ag | Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochtaí |
| Dáta Athbhreithnithe | 7 Feabhra 2023 |
| Dáta Chur i bhFeidhm an Bheartais Bunaidh (Leagan 1) | 19 Bealtaine 2016 |
| Dátaí Athbhreithnithe Roimhe Seo | Iúil 2017 – Leagan 2<br>Meitheamh 2020 – Leagan 3 |
| **An Chéad Dáta Athbhreithnithe Eile** | Feabhra 2026 |